An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Eolais ESR BOO 0002/2022**

**Chuig: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

## COVID-19:
## Athruithe ar Shaoire Speisialta le Pá ón 7 Feabhra 2022
## Don fhoireann seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe ar BOO

### 1. Réamhrá

1.1 Beidh BOO ar an eolas gur foilsíodh Nóta Eolais TC 0002/2022, ina mínítear na hathruithe atá tagtha ar Shaoire Speisialta le Pá COVID-19 don earnáil phoiblí, stiúrtha ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) agus go gcuirfear san áireamh sna hathruithe seo na riachtanais maidir le tréimhsí féinleithlisithe i dtaca leis an gcomhairle sláinte poiblí reatha .

1.2 Tá na rialacha a rialaíonn Saoire Speisialta le Pá COVID-19 faoi athbhreithniú ag an DPER agus d'fhéadfadh athrú eile teacht orthu ar gearrfhógra.

1.3 Ós rud gur go ginearálta a bhaineann an chomhairle sláinte maidir le leithlisiú agus go mbaineann na hathruithe ar Shaoire Speisialta le Pá COVID-19 le seirbhísigh phoiblí ar fad, ba cheart go mbainfeadh na hathruithe a míníodh sa Nóta Eolais sin leis an bhFoireann seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe ar BOO a mbeidh tús á chur acu le Saoire Speisialta le Pá COVID-19 ón 7 Feabhra 2022 ar aghaidh.

1.4 Is gá go mbeadh na hathruithe ar Shaoire Speisialta le Pá COVID-19 curtha i bhfeidhm ag gach fostóir láithreach agus ní mór do gach fostaí cloí leis na hathruithe seo.

1.5 Tabhair faoi deara gur chóir athruithe a léamh i gcomhar le hAlt 2 de Chiorclán 43/2021 maidir le socruithe oibre agus saoire d'fhostaithe le linn paindéim COVID-19.

1.6 Tá sé i gceist ag an Roinn Ciorclán uasdátaithe COVID-19 a fhoilsiú go luath, leis na hathruithe is déanaí maidir le socruithe oibre agus saoire d'fhostaithe a léiriú.

1.7 Cinntigh go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird na foirne uile atá fostaithe agat, seachas múinteoirí agus CRS, ar an méid atá ann, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

1.8 Ba cheart aird an fhostóra a dhíriú ar gach ceist ar dtús go mbeidh sé ar a gcumas dul i gcomhairle le ETBI más mian leo. Is féidir aon cheist eile maidir leis an gCiorclán seo a chur ar aghaidh chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: esr@education.gov.ie.

1.9 Tá fáil ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/91ada-nota-eolais-esr-boo-00022022-covid-19-athruithe-ar-shaoire-speisialta-le-pa-on-7-feabhra-2022-don-fhoireann-seachas-muinteoiri-agus-cuntoiri-riachtanas-speisialta-ata-fostaithe-ar-boo/

**Mark Bohan**
**Príomhoifigeach**
**Caidreamh Foirne Seachtrach**
**7 Feabhra, 2022**